

## Cód Iompraíochta Gaelcholáiste Cheatharlach

### Raon an Bheartais:

Cuireadh an cód iompraíochta seo le chéile tar éis an ábhair a phlé le tuismitheoirí, múinteoirí, daltaí, Bord Bainistíochas, agus BOO Chill Chainnigh/Cheatharlach. Baineann sé le cuallacht na mac léinn uile i nGaelcholáiste Cheatharlach.

### Réasúnaíocht:

Ba mhaith linn timpeallacht shábháilte a chruthú inár scoil ina mothaíonn daltaí sona agus slán agus go bhfuil cosaint ar a gceart chun sláinte agus sábháilteachta acu. Chun go mbeadh foghlaim éifeachtach ar bun, tá gá le hard-leibhéal dúthrachta agus le hard-leibhéal rannpháirtíochta daltaí.

Is í ár n-aidhm creatlach a sholáthar ina mbeidh iompar gach duine san áireamh réasúnta agus freagrach, is go mbeidh béim an iompair bunaithe ar mheas ar dhaltaí, ar mhúinteoirí, ar thuismitheoirí, ar chuirteoirí agus ar shealúchas.

Déanfar gach iarracht réasúnta freastal ar leithlí gach dalta, ag aithint ag an am gcéanna ceart gach dalta do thimpeallacht saor ó chur isteach.

Ba cheart go mbeadh atmaisféar sa rang atá oiriúnach don fhoghlaim agus go mbeadh daltaí saor ó chur isteach.

Déanfar gach iarracht cur chuige dearfach a thógáil le hiompraíocht ar shlí go mbeidh níos mó béime á chur ar luaíocht seachas smachtbhannaí.

Aithníonn ár scoil na difríochtaí éagsúla a bhíonn idir dhaltaí agus an gá atá le glacadh leis na difríochtaí seo.

D'fhéadfadh go lorgódh an scoil cuidiú an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Na Gardaí Síochána nó aon ghníomhaireacht ábhartha ag déileáil le sárú ár gcód iompraíochta a d'fhéadfadh tarlú ó am go ham.

Tá rialacha scoile ann chun a chinntiú gur áit slán agus áit sona do gach duine an scoil seo againne. Coinnítear rialacha na scoile ag an íosmhéid agus baineann siad le gach dalta.

(Féach Aguisín le seo: Rialacha Scoile) Tá sé riachtanach, áfach, do mhúinteoirí aonair, i gcomhairle leis an scoil, rialacha speisialta a cheapadh a bhaineann le seomraí ranga, saotharlanna, agus le sain seomraí a bhaineann le sábháilteacht agus ceart úsáid fearais, trealamh agus áiseanna múinteoireachta.

### Rólanna agus Freagrachtaí

- Tá an Príomhoide freagrach as smacht in san scoil.
- Tá an fhreagracht ar gach múinteoir smacht a choimeád taobh istigh dá rang féin.
- Tá comhfheagracht ar na múinteoirí uile i leith dea-oird agus dea-smachta taobh istigh de áitreabh scoile, ar thurais scoile agus i mbun gnó scoile i gcoitinne.

- Coinneoidh múinteoirí taifead scríofa ar eachtraí mí-iompair chomh maith le taifead ar fheabhsaithe iompair i gcás daltaí toirmeascacha.
- Féadfar dalta a tharchur ag an bPríomhoide nó ball foirne ainmnithe eile i gcás mór shárú rialach agus/nó i gcás mion sárú leanúnach rialach.
- Mura bhfeabhsaíonn iompar dalta, féadfar teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí d'fhonn a gcomhoibriú a fháil chun a chinntiú go gcloíonn an dalta le cód iompraíochta na scoile.
- I gcásanna go mbíonn gnáth nós imeachta araíonachta ídithe b'fhéidir go mbeadh gá le fionraí ón scoil.
- Is é beartas ár scoile dea-iompar a chothú. Tabharfar aitheantas do dhea-iompar i dtuarascálacha scoile. Tabharfar aitheantas do dhaltaí iad féin agus i scríbhinn chuig tuismitheoirí gach téarma tríd ár gcóras próifílithe.
- Aithneofar feabhsaithe dea-iompar daltaí toirmeascacha i scríbhinn chuig tuismitheoirí ó am go ham.
- Nuair a bhíonn fadhbanna ann féadfaidh tuismitheoirí agus daltaí teagmháil a dhéanamh leis an scoil chun a n-ábhair inní a chur in iúl agus cabhair na scoile a lorg chun déileáil leis an bhfadhb.

## Smachtbhannaí:

### Mion sárú Cód Iompraíochta

- Réasúnú leis an dalta
- Iomardú – comhairle agus comhairleoireacht ar conas iompraíocht a fheabhsú san áireamh.
- Obair Bhaile bhreise nó tasc scríofa oiriúnach.
- Coinneáil siar am lóin.

### Mór shárú Cód Iompraíochta

Ba chóir eachtraí mion sárú agus mór shárú iompraíochta leantacha a thuairisc leis an Múinteoir Ranga/ Ceann Bliana a d'fhéadfadh, i gcomhairle leis an bPríomhoide nó a (h)ainmní, na straitéisí seo leanas a chur i bhfeidhm tar éis dul i gcomhairle le tuismitheoirí:

- Scaradh sealadach ó chomhpháirtithe agus cailliúint pribhléidí scoile.
- Curtha 'ar tuairisc'
- Coinneáil istigh Am Lóin/Am Sosa

- Coinneáil siar tráthnóna
- Fionraí ón scoil

Nuair atáthar chun dalta a choinneáil siar cuirfear na cúiseanna atá leis an gcoinneáil siar, an t-am agus an dáta atá beartaithe in iúl do na tuismitheoirí.

Nuair a chuirtear dalta ar fionraí ón scoil cuirfear in iúl do thuismitheoirí/chaomhnóirí go bhfuil ceart acu achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh.

Nuair a thagann tréimhse fionraí chun deiridh, glacfaidh an Príomhoide nó a (h) ainmní an dalta ar ais sa rang go foirmiúil. Bainfidh an athghlacadh leis an dalta, le tuismitheoirí/chaomhnóirí agus le pearsanra scoile ábhartha. Lorgófar gealltanais ó thuismitheoirí/chaomhnóirí go ngéillfidh an dalta do chód iompraíochta na scoile agus d'fhéadfadh go mbeadh gá le 'Conradh Dea-Iompraíochta'. I gcás mí-iompair atá tromchúiseach d'fhéadfadh an Príomhoide nó a (h)ainmní an dalta a chur ar fionraí láithreach ón scoil. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh bunaithe ar an údarás atá tarmligthe ón mBord Bainistíochta, agus é ar feitheamh, go dtí go ndéantar an cheist a phlé le tuismitheoirí/chaomhnóirí. Cuirfear a gceart chun an cinneadh a achomharc in iúl dóibh.

### **Díbirt:**

(Féach Beartas Fionraíochta agus Díbeartha)

Ní cuirfear díbirt ón scoil san áireamh ach amháin mar chéim dheiridh agus sin i ndiaidh teip ar gach iarracht athshlánaithe nó sa chás go gceaptar go mbeadh slándáil daltaí nó slándáil foirne i gcontúirt.

Sa chás go bhfuil díbirt á breithniú tiocfaidh tréimhse fionraíochta i bhfeidhm.

Tá sé seo beartaithe chun go mbeadh deis ag tuismitheoirí/chaomhnóirí agus ag an dalta chomh maith leis an scoil a gcás a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Bhord Bainistíochta. Déanfaidh an Bord an chás a bhreithniú gan an Príomhoide ná na tuismitheoirí/chaomhnóirí i láthair.

Cuirfear cinneadh an Bhoird in iúl do na tuismitheoirí/chaomhnóirí. Más é cinneadh an Bhoird an dalta a dhíbirt cuirfear an cinneadh in iúl BOO Chill Chainnigh/Cheatharlach agus don Bhord Náisiúnta Leasa Oideachais.

### **Mí-ghníomhartha**

- Mion sárú rialacha scoile ar leithlis
- Mion sárú a bhaineann le hobair scoile agus le hobair bhaile

### **Mí-ghníomhartha Leanúnacha**

- Mion sárú rialacha scoile leanúnacha
- Sárúithe leanúnacha a bhaineann le hobair scoile agus le hobair bhaile

### **Drochiompar tromchúiseach**

- Ionsaí ar aon bhall den phobal scoile
- Seilbh ar dhruaí neamhdhleathacha

- Díol nó dáileadh substaintí neamhdhleathacha
- Seilbh agus/nó úsáid airm
- Damáiste mailíseach d'aon sealúchas
- Aon iompraíocht a cheaptar a bheith ina bhagairt do shláinte nó do shábháilteacht daoine eile.
- Iompraíocht ionsaitheach bagrach nó maslach

Níl na liostaí thuas uileghabhálach.

*Glactha ag an mBord Bainistíochta, Dé Máirt 10 Feabhra 2009*